Eachtra Mhailí Mhála

Lá amháin, bhí Lara ag siúl síos sráid Ghraiftiún lena cara, Sarah. Bhí mise, Máilí Mála breá sásta ag crochadh ar ghualainn Lara. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus ní raibh aon scamall sa spéir. Chuala mé na héin ag canadh go binn ar an gcrann agus bhí dea-iúmar orm. Bhí an sráid plódaithe le daoine de gach saghas mar thosaigh na díolacháin samhraí sna siopaí. Bhí an t-atmaisféar sceitimíneach agus gnóthach sa chathair. Fad is a bhíomar ag siúl agus mise ag éisteacht go géar leis an gcaint idir Sarah agus thug mé faoi deara fear aisteach ag siúl inár dtreo. Chaith sé geansaí dubh agus bríste dubha cé gur lá breá brothallach a bhí ann. D'fhéach sé orm agus bhí cuma gránna, eascairdiúil air. D'fháisc mé mé féin ar ghualainn Lara ach níor thug Lara faoi deara gur mhothaigh mé míchompordach agus míshuaimhneach. Díreach ansin bhí an fear mór gránn ar ár sála. Bhí mo chroí i mo bhéal agus lig mé scréad mór asam. Sciob sé mé as lámha Lara gan choinne agus bhí sé imithe ar luas lasrach agus mé brúite faoina ascaill. "Cad a tharla?" arsa Percy Peann.

"Níl a fhios agam!" a d'fhreagair Polly Páipéar le hiontas. Go tobann osclaíodh mé agus brúdh beirt eile isteach ionam. Cara Cocaine agus Gary Gunna a bhí ann agus iad go mór faoi strus leis an gcíor tuathail ina dtimpeall. "O a Dhia!" a scread Polly Páipéar. "Goideadh Máilí Mála! Ó A Dhia! Cad a dhéanfaimid?" Cheap mé go raibh mo phort seinnte, gan aon agó. Chuala Polly Páipéar an fear ag caint lena chara ar an bhfón póca. "Rachaimid go Dún Laoghaire agus tabharfaimid na drugaí do na drongadóirí ag an mbád farantóireachta" a dúirt sé le guth íseal borb. "Cabhraigh linn, cabhraigh linn!" a scread Percy Peann agus Polly Páipéar d'aon ghuth, ach b'obair in aisce é. Níor chuala aon duine iad. Bhí mé réidh le tabhairt suas nuair a rug Percy Peann ar Pholly Páipéar agus thosaigh sé ag scríobh nóta chuig Lara

A Lara, a chara

Cabhraigh linn. Táimid gafa le fear scanrúil. Rachaidh sé go Dún Laoghaire ar a seacht a chlog anocht. Rachaimid go dtí an bád farantóireachta leCara Cocaine agus Gary Gunna inár measc.. Cabhraigh linn!

Percy Peann

Ansin, Rinne Sally Siosúr poll beag ionam. Bhí sé beagáinín pianmhar ach ba chuma liom. Thit an Polly Páipéar tríd an mbearna ionam amach ar an gcosán. Bhí eagla an domhain ar Pholly Páipéar a bheith caite amach ar an sráid ach bhí a fhios aici go gcaithfeadh sí a bheith cróga agus stuama. Luigh sí go ciúin ar an gcosán lasmuigh den siopa Topshop ag iarraidh cosa na ndaoine ag siúl suas agus síos an tsráid a chosaint. Idir an dá linn rith Lara suas an tsráid go mór trína chéile. Go tobann, d'aithin sí Polly Páipéar ina luí ar an talamh agus í beagnach scriosta le smúit ón gcosán. Le fiosracht phioc sí suas í. Bhí iontas uirthi nuair a léigh sí an nóta a bhí scriofa le Percy Peann. Bhí said i ndáinseár! Cad a dhéanfadh sí? Gan an dara smaoineamh léim sí ar an Dart agus ar aghaidh léi go Dún Laoghaire. Bhíomar ag an mbád farantóireachta ag crochadh timpeall ag feitheamh leis na drongadóirí drugaí. Bhí an bád le teacht i gceann deich nóimead, agus ní raibh Lara le feiceáil in áit ar

bith!! Ansin, chuala Percy Peann an glór aithniúil. ‘Stopaigí anois!! Sin é mo mhála! Beir orthu” a scread Lara in ard a cinn is a gutha. Lig Percy Peann, Sally Siosúr agus Mailí Mála osna faoisimh astu. Gabhadh na gadaithe agus d’fhill mé le háthas go gualainn Lara gan dochar déanta. Shocraigh Percy Peann, Sally Siosúr agus Polly Páipéar síos arís chun a scíth a ligean. Agus Gary Gunna agus Cara Cocaine? Cuireadh i bPeann Príosún iad – agus ní raibh siad le feiceáil arís!



Le Lucy Bowen agus Leanne Ní Chuinneagáin